

Litríocht na Gaeilge ar fud an Domhain:

cruthú, caomhnú agus seachadadh téacsanna Gaeilge i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta

Comhfhiontar de chuid Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, agus Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéalóideas Éireann agus na Teangeolaíochta, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Dátaí: Déardaoin – Satharn: 20-22 Feabhra 2014

Ionaid: Teach Newman, Faiche Stiabhna agus Coláiste Phádraig, Droim Conrach

Ó breacadh an dán ‘Messe agus Pangur Bán’ i dtús an naoú haois i lámhscríbhinn atá anois i mainistir Naomh Pól i gCarinthia (Kärnten, i ndeisceart na hOstaire), tá gnéithe de litríocht na Gaeilge á saothrú i gcomhthéacsanna éagsúla taobh amuigh d’oileán na hÉireann. Cad é an gaol idir scéalta taistil agus imirce na nGael agus cumadh, caomhnú agus seachadadh an léinn agus na litríochta ag tréimhsí éagsúla i stair chultúrtha na tíre? Cad iad na meáin agus na próisis chultúrtha a chuaigh i bhfeidhm ar litríocht na Gaeilge i gcomhthéacs diaspórach? Cad iad na seánraí nua a tháinig chun cinn agus cén ról a bhí ag pobail agus ag gréasáin thrasnáisiúnta i bhforbairt na litríochta in Éirinn féin? Cé chomh tábhachtach is atá an toise idirnáisiúnta do shaothrú an léinn agus na litríochta sa Ghaeilge sa lá atá inniu ann? Cad é ról na teicneolaíochta digítí i gcothú scríbhneoireacht, léitheoireacht agus scoláireacht na Gaeilge i gcomhthéacs domhanda?

Is é cuspóir na comhdhála seo ná scoláirí Gaeilge ó chian is ó chongar a thabhairt le chéile leis na gnéithe idirnáisiúnta seo de léann na litríochta a chíoradh.

Fáiltítear roimh thairiscintí páipéir (20 nóiméad) nó painéil (triúr cainteoirí) as Gaeilge i réimse ar bith de Léann na Gaeilge a bhaineann le téama idirnáisiúnta na comhdhála. Ar na topaicí a mbeadh fáilte rompu, tá:

- Cruthú agus seachadadh téacsanna liteartha
- Saothrú na lámhscríbhinní i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta
- Bailiú, caomhnú agus foilsíú ábhair ón traidisiún béil
- Gréasáin liteartha
- Cultúr an chló
- Litríocht na himirce – seánraí éagsúla
- Litríocht an taistil – tréimhsí éagsúla
- Litríocht na Gaeilge agus an diaspóra Éireannach
- Coincheap na litríochta thrasnáisiúnta
- Iriseoireacht na Gaeilge ina comhthéacs idirnáisiúnta
- Litríocht na n-óg
- Léann na scannán
- Tionchar litríochtaí eile ar litríocht na Gaeilge
- Traidisiúin an aistriúcháin

- Foilsitheoireacht na Gaeilge
- Litríocht na Gaeilge agus na meáin dhigiteacha
- An chritic chomparáideach
- Pobail léitheoireachta

Aoichainteoirí: Tá cuireadh glactha ag na cainteoirí seo a leanas:

An Dr William Mahon, Ollscoil na Breataine Bige, Aberystwyth

An Dr Máire Ní Mhaonaigh, Ollscoil Cambridge

An Dr Niall Ó Ciosáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

An tOllamh Pádraig Ó Macháin, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An tOllamh Pádraig Ó Siadhail, Ollscoil Naomh Muire, Halifax

Réimsí nua scoláireachta – painéal ar leith:

Cathaoir: An tOllamh Brian Ó Conchubhair, Ollscoil Notre Dame, Indiana

An Dr Radvan Markus, Ollscoil Shéarlais, Prág

An Dr Deirdre Ní Chonghaile, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Ailbhe Ní Ghearbhuigh MA, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Cuir achoimre (250-350 focal), nóta beathaisnéise (100 focal), agus sonraí teagmhála (seoladh institiúide, seoladh r-phoist, fón póca) chuig:

comhdhail.14@spd.dcu.ie

Spriocdháta le haghaidh tairiscintí: **1 Meán Fómhair 2013**

Tá sé i gceist againn rogha páipéar a fhoilsiú mar chnuasach aistí i ndiaidh na comhdhála. Cuirfear tuilleadh sonraí faoin bhfoilseachán sin ar fáil ar ball.

Tá tuilleadh eolais faoin gcomhdháil ar fáil ag:

<http://www.spd.dcu.ie/site/gaeilge/Comhdhail14.shtml>

Coiste Eagraithe: an Dr Meidhbhín Ní Úrdail (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath), an Dr Ríona Nic Congáil, an tOllamh Máirín Nic Eoin, an Dr Pádraig Ó Liatháin (Coláiste Phádraig, Droim Conrach).

